ETSS Wicklow

Is mar chuid de shraith aonad a pléadh sa seimineár gréasáin, *Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoil Amháin,* a forbraíodh an t-aonad seo, a bhfuil taifeadadh de ar fáil ag: www.jct.ie/maths/planning_resources.

# Céad Bhlian

**Coincheap:** **Coibhneasa agus Athróga III**

Forbairt ar an tuiscint ar na naisc idir léirithe patrún agus foirm ailgéabrach ghinearálaithe (líneach agus cearnach / cuadratach) agus daingniú ar líofacht ghnásúil a bhaineann le foirmlí ina measc foirmlí céimseatúla

**Comhthéacs an Scoláire:** Scoláirí an Chead Bhliain

**Torthaí Foghlama:** AF1 (a), (b), (c), AF2 (a), (b), (c), AF3 a(i)&(ii), AF4 (a), AF7, U1 (a)

Torthaí Foghlama ón snáithe Aontaitheach agus is é an múinteoir ranga a chinnfidh orthu.

**Príomhfhoghlaim:**

- Forbraíonn scoláirí a dtuiscint ar chásanna ina mbíonn litreacha ag seasamh do chainníochtaí, ina measc:
  - Samhlacha suimitheacha agus iolracha
  - Sloinn chothroime
  - Gaoil líneacha agus neamhlíneacha
  - Léirithe ar ghaolmhaireachtaí ag úsáid friotail, táblaí agus graf

- Déanann scoláirí anailís ar phatrúin (láimhseoga, liosta, tábla, grafach, i bhfriotal srl.)
  - I gcás coibhneasa líneacha agus cearnacha a bheith ábalta ar:
    - An cineál patrúin a aithint is a chosaint
  - I gcás coibhneasa líneacha an téarma
    - ginearálta a fhorbairt
    - Tosú ar an gcoibhneas a scrúdú idir na tairisigh agus na hathróga
    - Cásanna a léiriú agus fadhbanna i gcomhthéacs a fhuascailt
- Léiríonn scoláirí a gcuid cothromóidí líneacha go grafach agus fuasclaíonn siad iad go hailgéabrach agus go grafach

**Measúnú Leanúnach**

- An féidir le scoláirí a aithint idir cineálacha difriúla coibhneasa matamaiticiúla (suimitheach, iolrach, líneach, neamhlíneach, coibhneasta, neamhchoibhneasta, inbhéartach, cearnach) agus iad a chosaint?
- An féidir le scoláirí an téarma ginearálta do choibhneasa líneacha a fhorbairt
- An féidir le scoláirí coinbhéarta idir léirithe matamaiticiúla agus na feabhsuithe nó na srianta ar léirithe éagsúla a oibriú amach?
- An dtuigeann scoláirí coincheap na cothroime?
- An féidir le scoláirí cothromóidí líneacha a léiriú agus a réiteach go grafach agus go hailgéabrach?

**Eispéireas Foghlama**

**Notaí/Machnamh**

*Tá aonaid á bhforbairt agus seans go n-athrófar iad bunaithe ar chomhairliúchán, comhoibriú agus aiseolas leanúnach leis an roinn*

ETSS Wicklow